

Gníomhaíocht OSPS

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sinsearach, lá 4. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam OSPS le haghaidh grúpaí ranga i Rang a Cúig agus Rang a Sé.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

OSPS > Mise agus an domhan mór > Cúram imshaoil

Teachtairacht an Fhíseáin:

Inbhuanaitheacht – Is féidir liom a bheith freagrach agus mo chuid dramhaíola/mo thionchar ar an imshaol a laghdú.

Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✓ An t-imshaol a léirtheiscint agus glacadh le freagracht ar bhonn aonair agus pobail as cúram an imshaoil agus as bheith mar chaomhnóirí ar an Domhan ar mhaithe leis na glúine atá le teacht
- ✓ Roinnt saincheisteanna is cúram don cheantar áitiúil a aithint agus gníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh chun déileáil leis na saincheisteanna seo a iniúchadh

Treoirínte don Mhúinteoir

Is féidir an ceacht seo a thosú agus leanúint leis mar thionscadal taighde, nó mar obair baile.

Taispeáin grafaic na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) anseo thíos do na daltaí nó úsáid an clár bán.

<https://sdgs.un.org/goals>

Mínigh gur bailiúchán de 17 sprioc dhomhanda idirnasctha iad na SDGanna a ceapadh mar threoirphlean comhroinnte ar mhaithe leis an tsíocháin agus an rathúnas do dhaoine agus don phláinéad, anois agus amach anseo. Inis do na daltaí go bhfuilimid ceaptha na SDGanna a bhaint amach faoi 2030.

Roinn na daltaí ina dtrí ghrúpa bheaga agus tabhair SDG 1, 2 nó 12 do gach grúpa.

Iarr ar na daltaí tionscadal beag taighde a dhéanamh ar an SDG a tugadh dóibh. Cabhróidh an suíomh gréasáin

<https://sdgs.un.org/goals> leis na daltaí.

Iarr orthu an chaoi a mbaineann an SDG atá á phlé acu leis an gcúram imshaoil a mheas, agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach.

Iarr orthu cúpla céim shimplí a cheapadh a d'fhéadfaidís a dhéanamh mar dhaoine aonair, chun cabhrú lena dtionchar ar an imshaol a laghdú agus dá réir sin SDGanna a bhaint amach.



Lá a Ceathair | Ranganna Sinsearacha
(Rang a Cúig agus a Sé)

Gníomhaíocht OSPS



Seachtain Food Dudes

Iarr ar na daltaí a gcuid torthaí a chur i láthair don rang e.g. mar phóstaer.



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union